


An Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge

Institiúid Oideachais Marino

Tuairisc Chun Dáta (9 Mí na Nollag, 2019)

Don Choiste Comhairleach um Polasaí Oideachas Gaeltachta

Aodán Mac Suibhne (Comhordaitheoir an Bhaitisiléara san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge, Institiúid Oideachais Marino)



- **Lúnasa, 2019:** Ar 15 Lúnasa, 2019 d'eisigh an Lár-Oifig Iontrála (CAO) tairiscintí do mhic léinn don Bhaitisiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge. Seo roinnt staitisticí:
Líon na dTairiscintí a eisíodh: 38 + 1 (níos déanaí, ardú pointí) = 39
Líon na dTairiscintí a glacadh: 37 (2 ag cur a n-áiteanna siar go dtí 2020/2021).
An tíosleibhéal pointí a bhí ag teastáil (CM003): 491 (40 ó na scrúduithe TEG san áireamh)
An tíosleibhéal pointí a bhí ag teastáil (CM004 – an dara bealach do mhuintir na Gaeltachta): 492 (40 pointe ó na scrúduithe TEG san áireamh) – 2 (beirt)
An líon is mó pointí a bhí ag aon duine: 618 (40 ó na scrúduithe TEG san áireamh)
An meánlíon pointí don B. Oid.: 521 (40 pointe ó na scrúduithe TEG san áireamh).
Mic Léinn HEAR (duine amháin le 483 pointe - 40 pointe ó na scrúduithe TEG san áireamh)
Líon na mac léinn ón nGaeltacht: 2
Líon na mac léinn ó Ghaelcholáistí: 22
Líon na mac léinn ó mheánscoileanna Béarla: 13 (d'fhreastail 4 díobh ar bhunscoileanna Lán-Ghaeilge)
Tá an Institiúid an-sásta i gcoitinne leis na staitisticí sin agus aithníonn an Institiúid an tsárobair a rinne an tOifigeach Margaíochta chun mic léinn a mhealladh.
Tagann 15 de na mic léinn a fuair tairiscintí as Baile Átha Cliath agus tagann na mic léinn ó 15 chontae dhifriúla ar fad. Is ábhar díomá é nach dtagann ach beirt ón nGaeltacht. Tagann duine amháin díobh as Tír Chonail agus an duine eile as Ciarraí. Níor chuir ach 3 scoláirí Gaeltachta san iomlán an chéim síos mar an chéad rogha. Níor éirigh leis an tré duine áit a fháil ar an gcéim mar nár shásaigh an mac léinn na critéir cháilitheachta atá ag an Roinn Cultúir Oidhreacht agus Gaeltachta do CM004. Chuir 16 eile de mhuintir na Gaeltachta an chéim síos mar rogha níos ísle (níor shásaigh 6 den 16 sin na critéir cháilitheachta do CM004). Mar eolas, bhí 481 pointe ag an gcéad duine eile faoi Chód CM004 ach níor eisigh an Institiúid aon tairiscintí dara babhta. Mar sin, is as an nGaeltacht 5.4% de na mic léinn a chláraigh ar an mBaitisiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge i Meán Fómhair, 2019. Tá sé sin níos lú ná an 10% d'áiteanna a bhí á gcoinneáil do mhic léinn Ghaeltachta. Tharla sé sin in ainneoin gur thug an tOifigeach Margaíochta cuairt ar gach meánscoil Ghaeltachta (ach amháin, an ceann ar Oileán Tóraí mar nach raibh aon rang ardteistiméireachta ann). Fuair cúpla meánscoil Ghaeltachta an dara cuairt ón Oifigeach Margaíochta agus chuaigh sí i dteagmháil le meánscoileanna Gaeltachta DEIS arís i Mí na Bealtaine chun iad a chur ar an eolas faoi sparánachtaí (ina measc, *Sparánacht 'Ceannairí agus Foghlaimoírí' 1916* – níor chuir aon

duine ón mB.Oid. isteach orthu) ach níor oir sé do scoileanna ag an am sin cuairteanna a thabhairt orthu arís mar gheall ar scrúduithe tí a bheith ar siúl. Mar a tuairiscíodh cheana, de réir an aischothaithe atá faighte againn ón Oifigeach Margaíochta, is í an chúis is mó a bhaineann leis an líon beag scoláirí Gaeltachta a chuir an chéim síos mar an chéad rogha leis Lár-Oifig Iontrála (CAO) ná costas an lóistín i mBaile Átha Cliath. Tá an Institiúid ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin faoi láthair.

- **Meán Fómhair, 2019:** Lá tábhachtach i stair an oideachais in Éirinn ab ea an Chéadaoin, 18 Meán Fómhair, 2019. Ar an lá sin, bhí an tAire Oideachais agus Scileanna, Joe McHugh T.D. i láthair in Institiúid Oideachais Marino chun fáilte a chur roimh an gcéad ghlúin de mhic léinn ar Bhaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge (bunmhúinteoireacht), an chéad chlár oideachais tosaigh do bhunmhúinteoirí a thabharfar ina hiomláine trí mheán na Gaeilge i stair an Stáit. I measc na n-aíonna a bhí ann, bhí Uachtarán Institiúid Oideachais Marino, an Dr. Teresa O’Doherty; an Dr. Treasa Kirk (Príomhchigire Cúnta/Ceannasaí, an tAonad um Oideachas Gaeltachta); Dónal ó hAiniféin (Cathaoirleach COGG); Bláthnaid Ní Ghréacháin (Ardfheidhmeannach Gaeloideachas) agus Seosamh Ó Coinne (Clárghainisteoir Oideachais Fhoras na Gaeilge. Bhí TG4 agus Molscéal ann chomh maith.
- **Deireadh Fómhair, 2019:** Tá glactha ag an gCoimisinéir Teanga le Scéim Teanga Institiúid Oideachais Marino agus tá sí á cur i bhfeidhm. Mar chuid de Scéim Chónaithe Marino, tá aon duine dhéag de na mic léinn ag fanacht in árasáin Lán-Ghaeilge ar champas na hInstitiúide. Osclaíodh *An Cheathrú Ghaeltachta* i Spás na Mac Léinn san Institiúid chun deiseanna a thabhairt do mhic léinn sóisialú i nGaeilge. Rinne na mic léinn cúrsa speisialta Gaeilge ag tús na céime a raibh sé mar aidhmeanna aige, i measc rudaí eile, na mic léinn a spreagadh agus féinmheastóireacht a dhéanamh ar a gcumas Gaeilge féin chun buanna agus riachtanais a aithint, chomh maith le céimeanna atá le tógáil a aithint. Cheana féin, tá na mic léinn ag fáil taithe os comhair ranga i scoileanna Lán-Ghaeilge faoi stiúir léachtóirí.
- **Samhain, 2019:** Íocadh ar ais do na mic léinn na Táillí TEG a d’íoc siad nuair a thug siad faoi na scrúduithe sin. Íocadh dóibh chomh maith €500 Euro (an chéad tráinse den Sparánacht €1,000) a fhaigheann mic léinn sa Chéad Bhliain nuair a chláraíonn siad ar an gcéim chun cabhrú le costas an lóistín agus an taistil. Mar chúiteamh ar an airgead sin tá na mic léinn ag comhoibriú le hOifigeach Gaeilge na hInstitiúide chun an Ghaeilge a chur chun cinn i measc na mac léinn i gcoitinne. Tá an Institiúid an-bhuíoch de COGG as na leabhair ar fad atá curtha ar fáil ag an eagraíocht don chéim. Ar 15 Samhain, d’fhreastail na mic léinn ar *Tionól Forbartha Gaeloideachas i bPáirt le COGG* le cúnadh ón dá eagraíocht. Tá an chéad téarma den chéad bhliain den chéim thart agus beidh roinnt scrúduithe le déanamh ag na mic léinn um Nollaig. Is cúis áthais don Institiúid gur Gaeilge ar fad atá á labhairt ag na mic léinn eatarthu féin an t-am ar fad.
- **Lúnasa, Meán Fómhair, Deireadh Fómhair, Samhain, 2019:** Tá an feachtas margaíochta don chéim don chéad bhliain acadúil eile faoi lánseol ag an Oifigeach Margaíochta, Caoileann Ní Dhonnchadha. Tá ábhar bolscaireachta nua foilsithe agus tá athnuachan déanta ar an suíomh idirlín. I rith an tsamhraidh, thug sí cuairt ar 9 gColáiste Ghaeltachta. Ó thús na bliana acadúla nua, ta cuairt tugtha aici ar 10 Meánscoil Ghaeltachta, 12 Ghaelcholáiste agus 5 Mheánscoil Bhéarla. Bhí seastán aici ag an *Higher Options* i gCumann Ríoga Bhaile Átha Cliath, ag *Options West* i nGaillimh agus ag Oireachtas na Gaeilge. Tá 2,006 leantóir ag an gcéim ar *Instagram* agus 521 ar *Twitter*. Beidh seisiún ullmhúcháin do na scrúduithe TEG i Marino ar 3 Eanáir, 2020 agus beidh na scrúduithe TEG féin ar 22 Feabhra, 2020.
- **Mí na Nollag, 2019:** Ar 4 Mí na Nollag, beidh cruinniú de Bhord Cláir na céime (na léachtóirí ar an gcéim) chun féachaint siar ar an gcéad téarma agus chun pleanáil a dhéanamh don chéad téarma eile.